SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Plean Forbartha Oifigeach Teicniúil 2025-2027

Clár an Ábhair

Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	3
Brollach ón Stiúrthóir Cóitseála	4
Cúlra	5
Cur Chuige Comhtháite i leith Forbairt Oifigeach Teicniúil	8
An Cás i Láthair na hUaire	10
Príomhléargas CRNanna ar Oifigigh Theicniúla	14
Colúin:	15
Earcaíocht	18
Coinneáil	20
Oiliúint agus Forbairt	22
Duaiseanna agus Aitheantas	24
Drochíde	26
Sonraí agus Faisnéis	28
An méid a bheadh i gceist leis an rath	30
Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht	32
Aguisíní	34

Version Control		
Sport Ireland Technical Officials Development Plan		
VERSION NO.	**DATE**	**STATUS**
1	2025	Approved by the Sport Ireland Coaching Committee

Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is iad oifigigh theicniúla caomhnóirí chothrom na Féinne, na sábháilteachta agus an ionracais sa spórt. Cinntíonn a saineolas agus a dtiomantas go reáchtáiltear comórtais de réir na gcaighdeán is airde, ón mbunleibhéal go dtí an leibhéal is airde. Is minic a bhíonn oifigigh theicniúla ag obair sa chúlra, agus bíonn ról ríthábhachtach acu lena chur ar chumas lúthchleasaithe a ndícheall a dhéanamh agus spiorad an spóirt a chothú.

Is straitéis chuimsitheach ilsrathach é an Plean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla atá ceaptha cur le ról na réiteoireachta i spórt na hÉireann. Is céim shuntasach chun cinn é seo i dtaca le hearcú, coinneáil agus forbairt an lucht saothair riachtanaigh seo chomh maith le haitheantas agus tacaíocht a thabhairt dó. Is toradh é an plean ar chomhoibriú fairsing idir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla, arna éascú tríd an Líonra Oifigeach, agus arna threorú ag léargas agus taithí na ndaoine a dhéanann réiteoireacht i raon leathan disciplíní.

Leagtar amach sa phlean seo fís shoiléir don todhchaí: áit a léireofar meas agus luach ar oifigigh theicniúla agus áit a mbeidh siad infheicthe, agus a dtacófar leo trí bhealaí struchtúrtha, deiseanna ionchuimsitheacha, agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Léirítear ann freisin tiomantas Spórt Éireann don tsármhaitheas agus don chothromas a chothú i ngach réimse den spórt.

Léireofar an rath trí mhéadú intomhaiste ar líon na n-oifigeach i ngach spórt, agus lucht saothair níos óige, níos éagsúla agus níos ionchuimsithí a bheith ann. Tabharfaimid níos mó lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus oibrithe deonacha faoi deara agus iad ag aistriú go róil réiteoireachta, agus bealaí oiliúna agus deiseanna meantóireachta ardchaighdeáin mar thaca leo. Mothóidh oifigigh go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad bainteach, agus feabhsófar coinneáil foirne agus meanma na foirne trí thionscnaimh aitheantais agus timpeallachtaí níos sábháilte agus níos measúla.

Leagtar amach sa phlean seo treochlár soiléir d'fhorbairt agus d'aitheantais agus do thacaíocht a thabhairt, ina leagtar an bhunchloch do thodhchaí ina léireofar ní hamháin luach ar an réiteoireacht ach ina ndéanfar í a cheiliúradh mar chuid ríthábhachtach de spórt na hÉireann.

An Dr Úna May
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Spórt Éireann

Foreword from the Director of Coaching

I ngach réimse spóirt, ní hamháin go mbraitheann ionracas, cothroime agus cáilíocht na hiomaíochta ar na lúthchleasaithe, ach ar dhíograis agus gairmiúlacht na n-oifigeach teicniúil. In Éirinn, tá ár gcultúr spóirt saibhir, éagsúil, agus fréamhaithe go domhain sa phobal agus sa tsármhaitheas. De réir mar a leanann muid orainn ag fás agus ag forbairt, ní mór do na struchtúir a thacaíonn lenár spóirt leanúint orthu freisin.

Tá ár n-oidhreacht spóirt fite fuaite go smior ionainn. Idir pháirceanna áitiúla agus ardáin idirnáisiúnta, léiríonn ár spóirt na luachanna atá an-tábhachtach dúinn: ionracas, meas agus sármhaitheas. Léirítear ómós sa phlean seo dóibh siúd a sheasann sa chúlra, a éascaíonn an spórt —ní ar mhaithe le haitheantas, ach ar mhaithe le grá don chluiche.

Ní rás atá san aistear i dtreo na sármhaitheasa; is tiomantas é don fhás, don fhoghlaim agus don cheannaireacht leanúnach. Leagtar an bhunchloch sa Phlean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla seo do thodhchaí ina dtacaítear le gach oifigeach, ina léirítear luach orthu agus ina gcuirtear ar a gcumas an rath a bhaint amach. Is glao é chun caighdeáin na réiteoireachta a ardú, chun an chéad ghlúin eile a spreagadh, agus chun cultúr a fhorbairt ina mbítear ag súil ní hamháin le sármhaitheas — ach ina mbaintear amach í.

Cibé acu ar an bpáirc imeartha, sa linn snámha, ar an gcúirt, nó taobh leis an raon, bíonn ról ríthábhachtach ag oifigigh theicniúla chun a chinntiú go ndéantar spórt a chur ar bun go sábháilte, go cothrom, agus ar aon dul le spiorad na fíor-iomaíochta.

Trí bhealaí soiléire, oiliúint níos fearr, agus díriú as an nua ar aitheantas agus coinneáil, tá sé mar aidhm ag an bplean seo feabhas a chur ar eispéireas na réiteoireachta in Éirinn. Is glao chun gnímh é seo do chomhlachtaí spóirt, do chomhpháirtíochtaí spóirt áitiúla, do chumainn agus do phobail infheistíocht a dhéanamh sna daoine a chuireann spórt ar fáil.

Ní trí sheans a bhaintear sármhaitheas amach—forbraítear í trí ullmhúchán, comhsheasmhacht agus fís chomhroinnte. Is céim i dtreo na físe sin é an plean seo, a chinntíonn go leanfaidh spórt na hÉireann de bheith faoi rath agus an t-ionracas ina cheartlár.

Le meas,
Michael McGeehin
Stiúrthóir Cóitseála

SPÓRT ÉIREANN CÓITSEÁIL | SPORT IRELAND COACHING

Cúlra

Is é Spórt Éireann an comhlacht reachtúil atá freagrach as forbairt spóirt in Éirinn. Cuimsítear ann sin rannpháirtíocht sa spórt, spórt ardfheidhmíochta, cur in aghaidh dópála, cóitseáil, réiteoireacht agus forbairt Champas Náisiúnta Spóirt Spórt Éireann.

Tá an Plean d'Oifigigh Theicniúla ceaptha tacú le hearcú, forbairt agus coinneáil oifigeach teicniúil in Éirinn. I gcomhréir le Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027, is creat réamhghníomhach é an Plean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla chun oifigigh theicniúla a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil i measc na spórt uile, a chinntíonn cáilíocht, cothroime agus fás ar gach leibhéal.

Tugtar aghaidh sa phlean seo ar na dúshláin atá roimh réiteoireacht agus tagann sé le luachanna Spórt Éireann maidir le hIonchuimsiú, Ionracas, Meas, Sármhaitheas agus Cuntasacht, agus cothaíonn sé misean Spórt Éireann san am céanna:

Misean Spórt Éireann:

"A chinntiú gur náisiún gníomhach é Éire ina spreagtar daoine tosú ar an spórt, leanúint de bheith páirteach ann, dul chun cinn a dhéanamh agus éachtaí a bhaint amach sa spórt."

Fís d'Oifigigh Theicniúla

“Timpeallacht inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus thacúil a chruthú d’oifigigh theicniúla i ngach spórt in Éirinn, a chinntíonn go léirítear meas agus luach orthu agus go gcuirtear ar a gcumas feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde, bíodh siad ar leibhéal pobail nó ar leibhéal ardfheidhmíochta.”

Tá Spórt Éireann ag iarraidh go mbainfidh oifigigh theicniúla rath agus forbairt amach, agus go gcuirfidh siad go dearfach leis an taithí spóirt.”

Sainmhíniú ar Oifigigh Theicniúla

Léirítear sa phlean seo tiomantas Spórt Éireann do na hOifigigh Theicniúla sa spórt. Is é an sainmhíniú ar oifigeach, de réir Spórt Éireann, ná "Aon duine a rialaíonn imirt comórtais trí rialacha agus rialacháin an spóirt a chur i bhfeidhm chun breithiúnais a dhéanamh ar shárú rialacha, ar fheidhmíocht, ar am nó ar rangú. Feidhmíonn Oifigeach Teicniúil mar bhreitheamh neamhchlaonta ar chomórtas spóirt (m.sh., réiteoir, maor cúil, oifigeach líne, maor na scór, staitisteoir, moltóir etc.)" (Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027, leathanach 52)

Ar mhaithe leis an TODP seo, tagraíonn an téarma 'oifigeach teicniúil' do gach post réiteoireachta, réiteoirí, moltóirí, oifigigh chluiche, réiteoirí comórtais, tríú moltóirí, maoir bhoird, scórálaithe, oifigigh chluiche teilifíse, maoir ama etc.

Cur chuige comhtháite Spórt Éireann i leith forbairt Oifigeach Teicniúil

Tá béim straitéiseach curtha ag Spórt Éireann ar fhorbairt oifigeach teicniúil agus ar thacú leo mar bhunchloch chun spórt ardchaighdeáin dea-eagraithe a sholáthar ar fud na hÉireann. Tá na hoifigigh theicniúla seo bunriachtanach chun cothrom na Féinne, sábháilteacht agus ionracas na hiomaíochta a chinntiú.

Leagtar cuspóirí soiléire síos sa treo straitéiseach faoi láthair ar a dtugtar cuntas i Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027, sa Phlean Cóitseála 2020-2025, agus sa Phlean Rannpháirtíochta 2025-2027, chun líon agus cáilíocht na n-oifigeach teicniúil a mhéadú trí thionscnaimh struchtúrtha earcaíochta, oideachais agus choinneála. Tacaítear leis an bPlean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla trí shíneadh foirmiúil a chur le sainchúram an Aonaid Cóitseála chun an réiteoireacht a áireamh.

Tá príomhtháscairí feidhmíochta agus gníomhartha beartais (Aguisín 1) bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun a chinntiú go bhfuil an réiteoireacht leabaithe i bpleananna straitéiseacha Spórt Éireann. Déanann an Plean Rannpháirtíochta an réiteoireacht a neartú níos mó mar an bhunchloch faoi eispéireas ardchaighdeáin spóirt, agus tugtar tús áite ann d'oiliúint inrochtana, earcaíocht spriocdhírithe i measc grúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh, agus trí fhorbairt scileanna idirphearsanta, go háirithe dóibh siúd atá ag obair le leanaí agus le hoifigigh nua.

Tionscnamh lárnach laistigh de Bheartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt (2023) is ea an Mheitheal maidir le Meas ar Oifigigh a bhunú, a cruthaíodh mar gheall go dtuigtear go bhfuil íde béil agus drochíde á dtabhairt d'oifigigh á níos minice. Tá ról lárnach ag an ngrúpa seo i gcosaint folláine oifigeach teicniúil agus i gcur chun cinn timpeallacht mheasúil spóirt.

I gcomhréir leis an mBeartas maidir le Mná sa Spórt 2023-2027, tá Spórt Éireann tiomanta do bhonn na réiteoireachta a leathnú chun níos mó ban agus cailíní a áireamh, ó leibhéal pobail aníos go dtí leibhéal ardfheidhmíochta. Tugtar chun solais sa Tuarascáil ar Mhná sa Spórt i mbun Réiteoireachta an méid a spreagann oifigigh mhná agus na dúshláin a bhíonn rompu, drochíde, bealaí doiléire dul chun cinn, agus tacaíocht neamhréireach ina measc. Mar fhreagairt air sin, tá Spórt Éireann ag infheistiú i gcláir oideachais spriocdhírithe, i líonraí meantóireachta, agus i mbealaí ionchuimsitheacha chun a chinntiú go bhfuil an réiteoireacht inrochtana, go léirítear meas uirthi agus go dtacaítear léi do mhná ar gach leibhéal den spórt.

Tá an réiteoireacht fite fuaite anois i gcreataí straitéiseacha éagsúla, iad seo thíos ina measc:

- Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027
- An Plean Cóitseála 2020-2025
- An Plean Rannpháirtíochta 2025-2027
- An Beartas maidir le Mná sa Spórt 2018-2027
- An Tuarascáil ar Mhná sa Spórt i mbun Réiteoireachta 2023
- Staidéar Féidearthachta Spórt Éireann 2024
- Beartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt 2023

Is plean cuimsitheach ilsrathach é an Plean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla atá ceaptha cur le ról na réiteoireachta i spórt na hÉireann. Trí bheartais ionchuimsitheacha, infheistíocht spriocdhírithe, agus cur i bhfeidhm comhoibríoch, tá sé mar aidhm ag an bplean a chinntiú go bhfuil an réiteoireacht inrochtana, go léirítear meas uirthi, agus go n-imríonn sí tionchar, rud a chuireann le hearnáil spóirt faoi rath in Éirinn.

An cás i láthair na huaire

Tá taighde idirnáisiúnta agus intíre teoranta déanta ar réiteoireacht spóirt ar féidir tarraingt air. Mar sin féin, déantar i staidéar féidearthachta a rinne Knight, Kavanagh & Page le déanaí thar ceann Spórt Éireann agus Spórt Thuaisceart Éireann (2024) léargas a thabhairt ar na príomhdhúshláin agus roinnt gnéithe atá ag teacht chun cinn a thabhairt chun solais. Tugtar chun solais ann go bhfuil tearcionadaíocht á déanamh ar Oifigigh Theicniúla agus gur gá díriú ar dhéimeagrafaic athraitheach na nOifigeach Teicniúil agus ar an líon teoranta sonraí atá ag spóirt sa réimse sin.

Tá na torthaí agus na moltaí bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin inar ghlac 100 Oifigeach Teicniúil agus ball foirne Comhlachta Náisiúnta Rialaithe (CNR) páirt atá freagrach as bainistíocht agus eagrú Oifigeach Teicniúil ina spóirt. Cuirtear eolas ar fáil don staidéar freisin i suirbhé ar 686 duine ar oifigigh theicniúla faoi láthair nó arbh amhlaidh roimhe seo iad.

Forléargas ar Oifigigh Theicniúla in Éirinn

Is iad iar-rannpháirtithe (nó rannpháirtithe reatha), tuismitheoirí daoine óga (i bhformhór na gcásanna) a ghlacann páirt i spórt, cóitseálaithe agus an lucht féachana is mó a bheartaíonn a bheith ina nOifigeach Teicniúil.

- **Slabhra Soláthair atá ag Dul in Aois:** Tá an líon Oifigeach Teicniúil faoi láthair ag dul i laghad. Tá an 'slabhra soláthair' ag cúngú toisc go bhfuil lúthchleasaithe 'ag éirí níos sine níos déanaí', toisc go nglacann siad páirt ghníomhach sa spórt ar feadh tréimhse níos faide agus go ndéantar Oifigigh Theicniúla díobh níos déanaí ina ngairmeacha beatha nó nach ndéantar amhlaidh díobh choíche.
- **Rannpháirtíocht a Mhéadú:** Tá páirt á glacadh ag níos mó daoine sa spórt ach níl an líon Oifigeach Teicniúil ag coinneáil sna sála orthu.
- **Easpa Straitéis Earcaíochta:** Níl plean soiléir ag go leor CNRanna chun Oifigigh Theicniúla nua a mhealladh agus a chur faoi oiliúint.

Tá gá i ngach spórt in Éirinn le líon níos mó Oifigeach Teicniúil a thugann faoi fheabhsú leanúnach agus caighdeáin níos airde a bhaint amach (agus is fearr iad siúd a bheith óg).

Cáilíochtaí, oiliúint agus forbairt

Level of Officiating Qualifications



Tugadh le fios sa suirbhé gur chuir an CNR oiliúint/oideachas/tacaíocht réiteoireachta (den chuid is mó i bhfoirm cúrsaí ar líne, seimineáir ghréasáin nó ceardlanna praiticiúla) ar tairiscint sa dá bhliain roimh chríochnú an tsuirbhé do 69% de na hoifigigh sa phríomhspórt ina réitíonn siad.

Cuireadh roinnt oiliúna ar bheagán níos lú ná an líon sin (68%).

Tugann níos mó ná an tríú cuid (37.4%) d'Oifigigh Theicniúla le fios gur chuir gníomhaireacht eile oideachas/oiliúint/tacaíocht réiteoireachta ar fáil sa tréimhse chéanna sin.

- Cuireadh oiliúint agus cáilíochtaí ar tairiscint d'Oifigigh Theicniúla; ach is í an fhadhb atá ann, mar sin féin, cáilíocht agus inrochtaineacht na gclár oiliúna, tacaíochta agus forbartha d'Oifigigh Theicniúla sa spórt a thuiscint.
- Caithfear tosú leis na tosca lóistíochta sa spórt a thabhairt san áireamh a bhaineann le hoiliúint agus oideachas - formáid, cur i láthair agus inrochtaineacht ina measc.
- Ceann de na bealaí is éifeachtaí chun a chinntiú go bhfuil dóthain Oifigigh Theicniúla ag comhlachtaí náisiúnta rialaithe/spóirt ná na cinn atá acu a choinneáil. Aithnítear go huilíoch go bhfuil sé i bhfad níos deacra oifigeach nua a fháil agus a fhorbairt/oiliúint a chur orthu ná mar atá sé na cinn atá agat cheana féin a choinneáil. Is iad na trí rud is mó a spreagann daoine a dhéanann réiteoireacht:
  1. **Tacaíocht 'áitiúil' ó chumainn agus ó chumainn/comhlachais oifigeach/réiteoirí (58%)**
  2. **Tacaíocht ó ghrúpa piaraí (54%)**
  3. **Tacaíocht ón spórt/CNR bainteach i bhfoirm cóitseálaí/meantóra agus cumainn/comhlachais réiteoirí (52%).**

Go bunúsach, is é an rud is tábhachtaí, dá bhrí sin, cáilíocht agus inrochtaineacht na tacaíochta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Dúshláin agus constaicí a bhíonn roimh Oifigigh Theicniúla

- Léirítear i dtorthaí suirbhé gurb iad drochíde nó cáineadh ag imreoirí, cóitseálaithe agus an lucht féachana an dúshlán is coitianta a bhíonn roimh Oifigigh Theicniúla, agus luaigh 69% gur príomhcheist í. Is cinnte go bhfuil sé dúshlánach leibhéil nó a thionchar ar Oifigigh Theicniúla agus a rannpháirtíocht a chainníochtú. Is léir go bhfuil éagsúlacht mhór i rátaí agus i ndéine na drochíde de réir spóirt, aoisghrúpa agus leibhéal iomaíochta. Bíonn leibhéil éagsúla chaoinfhulaingthe ag oifigigh freisin, rud a fhágann go bhfuil an cheist níos casta fós.
- Is é an príomhéileamh atá dírithe ar Spórt Éireann i measc CNRanna, eagraíochtaí spóirt eile agus oifigigh aonair; ar gach leibhéal rannpháirtíochta/feidhmíochta ná déileáil le drochíde agus saincheisteanna gaolmhara ar bhonn comhchoiteann/aonair.
- Is iad na chéad dúshláin is mó eile atá roimh Oifigigh Theicniúla ná easpa tacaíochta agus am teoranta mar gheall ar ghealltanais eile (luaigh beagán faoi bhun 40% d'oifigigh an dá cheann).

Tá an staidéar féidearthachta úsáidte ag Spórt Éireann chun eolas a chur ar fáil do Phlean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla cuimsitheach a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag an bplean aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus leas a bhaint as deiseanna chun Oifigigh Theicniúla a fhorbairt i ngach spórt. Aithníonn Spórt Éireann rath agus acmhainneacht chruthaithe earnáil an spóirt maidir le cuspóirí réiteoireachta a bhaint amach. Chuige sin, tá sé tiomanta i gcónaí do chomhpháirtíochtaí a neartú le comhlachtaí náisiúnta rialaithe agus le Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla (CSÁanna) araon.

Ról Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe

Tá Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe lárnach i bhforbairt agus i soláthar struchtúr réiteoireachta laistigh dá spóirt faoi seach. Cinntíonn a gcuimsiú sa Phlean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla go bhfuil straitéisí earcaíochta, oiliúna, coinneála agus aitheantais a bhaineann go sonrach leis an spórt, inscálaithe, agus ar aon dul le caighdeáin náisiúnta. Tá feidhm faoi leith ag CNRanna i dtaobh iniúchadh a dhéanamh ar na grúpaí daoine atá i mbun réiteoireachta faoi láthair, bealaí struchtúrtha atá ann cheana féin a dhearadh, agus córais mheantóireachta a chur i bhfeidhm.

Is féidir leo feachtais earcaíochta spriocdhírithe a stiúradh, cáilíochtaí a fhorbairt, agus an réiteoireacht a chomhtháthú isteach i gcreataí forbartha spóirt níos leithne freisin. A bhuíochas dá maoirseacht straitéiseach agus a rochtain ar shonraí spóirt ar leith, tá siad ríthábhachtach le haghaidh pleanáil agus infheistíocht fhianaisebhunaithe.

Ról Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla

Tá ról ríthábhachtach, san am céanna, ag Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla maidir le rannpháirtíocht a mhéadú, daoine a spreagadh a bheith gníomhach, agus tacú le gníomhaíochtaí a bhraitheann ar oifigigh a bheith i láthair. Tacaíonn a gcur san áireamh sa phlean le róil réiteoireachta a chur chun cinn ar leibhéal pobail agus cuidíonn sé leis an acmhainn áitiúil a fhorbairt. Is féidir le CSÁanna líonraí meantóireachta a éascú, comhoibriú le heagraíochtaí spóirt chun oiliúint agus oideachas a sholáthar, agus tacú le cumainn chun an réiteoireacht a leabú ina gcultúr. Trí chomhoibriú le cumainn agus le CNRanna, cabhraíonn CSÁanna le teachtaireachtaí náisiúnta a neartú agus a chinntiú go bhfuil deiseanna réiteoireachta inrochtana agus ionchuimsitheach. Is iad is mó a chuireann earcú agus coinneáil agus rannpháirtíocht fhadtéarmach chun cinn de bharr a ghaire atá siad do phobail.

Príomhléargais Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe ar Oifigigh Theicniúla

26,323

Líon na n-oifigeach a ndearnadh suirbhé orthu ó 38 CNR

36.72% Fireann
10.27% Baineann
33.87% Gan taifead
19.14% Gan sonrú

An bhfuil tréimhsí bailíochta nó ceadúnas ag oifigigh i do spórt?



55%

An céatadán CNRanna a bhfuil conair d'oifigigh acu

942

Líon na gcúrsaí oiliúna bliantúla a reáchtáil CNRanna d'Oifigigh Theicniúla

10%

An céatadán CNRanna a bhfuil taighde déanta acu ar Oifigigh Theicniúla

10%

An céatadán CNRanna a bhailíonn sonraí faoi mhíchumas

56%

Córais mheantóireachta nó charad i bhfeidhm ag CNRanna

31%

An céatadán CNRanna a bhfuil acadaimh Oifigeach Teicniúil acu

20%

An céatadán CNRanna a bhfuil cláir forbartha oifigiúla acu

Colúin

Aithníonn Spórt Éireann sé phríomhcholún atá tagtha chun cinn mar bhearnaí reatha agus deiseanna amach anseo d'Oifigigh Theicniúla sa spórt.

Tabharfar aghaidh ar na colúin sin go gníomhach chun na gealltanais atá leagtha amach sa phlean seo a chomhlíonadh.



Earcaíocht

Cuspóir:

1. An Lucht Saothair Oifigeach Teicniúil a Leathnú agus a Éagsúlú.

2. Conairí Réiteoireachta a Neartú agus a Shimpliú.

Coinneáil

Cuspóir:

3. Struchtúir Tacaíochta a Mhéadú chun an Lucht Saothair Oifigeach Teicniúil a Chothú.

4. Deiseanna aitheantais agus forbartha a chur ar fáil chun rannpháirtíocht mharthanach Oifigeach Teicniúil a spreagadh.

Oiliúint agus Forbairt

Cuspóir:

5. Forbairt oiliúna ardchaighdeáin, ábhartha agus inrochtana d'Oifigigh Theicniúla a éascú.

6. Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt conairí struchtúrtha le haghaidh cáilíochtaí Oifigeach Teicniúla agus forbairt teagascóirí.

Duaiseanna agus Aitheantas

Cuspóir:

7. Próifíl Oifigeach Teicniúil a ardú.

8. Aitheantas agus luach saothair a thabhairt d'Oifigigh Theicniúla mar chuid dhílis den lucht saothair spóirt.

Drochíde

Cuspóir:

9. Timpeallacht shábháilte mheasúil a chur chun cinn d'Oifigigh Theicniúla.

10. Feachtas náisiúnta measa a chur i bhfeidhm.

Sonraí agus Faisnéis

Cuspóir:

11. Sonraí a bhailiú agus a úsáid chun eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht agus forbairt a chur chun cinn d'Oifigigh Theicniúla.

12. Pleanáil agus infheistíocht atá bunaithe ar fhianaise a chumasú.

Earcaíocht

Cuspóir	An méid is gá do Spórt Éireann a dhéanamh
1. An lucht saothair Oifigeach Teicniúil a Leathnú agus a Éagsúlú.	**Tacú le CNRanna chun feachtais earcaíochta a sheoladh:** • Díriú ar iar-lúthchleasaithe, para-lúthchleasaithe, tuismitheoirí, cóitseálaithe, mná agus oibrithe deonacha. • An réiteoireacht a chur chun cinn mar rogha thairbheach nó mar rud a chuireann le cóitseáil agus obair dheonach. • Úsáid a bhaint as ardáin dhigiteacha nua-aimseartha agus teachtaireachtaí spriocdhírithe chun lucht féachana níos leithne, níos éagsúla agus níos óige a bhaint amach. • Éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsiú a chur chun cinn i ngach ábhar agus teachtaireacht earcaíochta. • Comhoibriú le CNRanna chun conairí soiléire inrochtana a fhorbairt. • Tabhairt isteach conairí réiteoireachta do dhaoine óga a fhiosrú chun spéis agus taithí luath sa saol a chothú.
2. Conairí Réiteoireachta a Neartú agus a Shimpliú.	**Infheictheacht agus fógairt deiseanna réiteoireachta a fheabhsú:** • Feabhas a chur ar cháilíocht, inrochtaineacht agus soiléireacht na faisnéise maidir le conas a bheith i d'Oifigeach Teicniúil. • Tacú le CNRanna chun pointí iontrála soiléire agus struchtúrtha a fhorbairt do dhaoine aonair chun a bheith ina n-oifigigh dheimhnithe. • CNRanna a spreagadh chun conairí lánfhorbartha d'oifigigh theicniúla a dhearadh agus a chothabháil, ó leibhéal pobail aníos go dtí leibhéal ardfheidhmíochta. **Tacú le CNRanna agus cumainn le tacair uirlisí phraiticiúla:** • Pleananna teimpléid caighdeánaithe agus atá éasca le léamh a fhorbairt do CNRanna ina leagtar amach dea-chleachtais chun Oifigigh nua a thabhairt isteach. • A chinntiú go bhfuil an próiseas chun a bheith i d'Oifigeach – an oiliúint, an clárú agus an mheantóireacht riachtanach san áireamh – trédhearcach. • Seicliosta, treoracha agus ábhar tacaíochta do spóirt a chur chun cinn le go mbeidh siad oiriúnach do rannpháirtíocht Oifigeach.

Recruitment

Cad a d'fhéadfadh CNRanna a dhéanamh?	Cad a d'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla a dhéanamh?
• Iniúchadh a dhéanamh ar an ngrúpa daoine a dhéanann réiteoireacht faoi láthair chun tuiscint a fháil ar cé atá acu agus cén leibhéal ar a bhfuil siad. • Díriú ar fheachtais de réir aoisghrúpa, déimeagrafaice, agus spreagtha (m.sh., iar-imreoirí, iar-pharalúthchleasaithe agus lúthchleasaithe sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta). • Rannchuidiú oifigeach a cheiliúradh agus a aithint tríd an scéalaíocht agus duaiseanna a bhronnadh. • Faisnéis agus oideachas a chur ar fáil maidir le tairbhí agus tionchar na réiteoireachta. • An réiteoireacht a chur chun cinn ag imeachtaí cumainn, scoileanna, agus trí thionscnaimh rannpháirtíochta daoine óga.	• Tacú le tionscnaimh for-rochtana pobail trí róil réiteoireachta a chur chun cinn ag imeachtaí spóirt áitiúla, scoileanna agus cláir phobail. • Comhoibriú le CNRanna agus cumainn chun feachtais earcaíochta a bhaineann le ceantair áitiúla a chur chun cinn a thagann le teachtaireachtaí náisiúnta.

Coinneáil

Cuspóir	An méid is gá do Spórt Éireann a dhéanamh
3. Struchtúir Thacaíochta a Mhéadú chun an Lucht Saothair Oifigeach Teicniúil a Chothú.	**Infheistiú i gCórais Tacaíochta chun Oifigigh a Choinneáil** • Tacú le córais mheantóireachta agus charad d'oifigigh nua agus reatha agus iad a dhéanamh foirmiúil. • Comhoibriú le CNRanna agus CSÁanna, chun an réiteoireacht a thabhairt isteach i straitéisí forbartha spóirt níos leithne agus i bpleananna spóirt áitiúla. • Treoirlínte dea-chleachtais do na CNRanna a roinnt agus a chur chun cinn chun struchtúr tacaíochta neamhfhoirmiúil agus foirmiúil araon a bhunú.
4. Deiseanna aitheantais agus forbartha a chur ar fáil chun rannpháirtíocht mharthanach Oifigeach Teicniúil a spreagadh.	**Cultúr aitheantais a chur chun cinn i ngach ról:** • Oideachas a chur ar chóitseálaithe, ar riarthóirí, ar imreoirí, ar thuismitheoirí agus ar an lucht féachana ó thaobh a thábhachtaí atá sé meas a léiriú ar oifigigh ar gach leibhéal. • Tuiscint a fhorbairt ar bhunghnéithe an aitheantais, agus a chinntiú go bhfuil an meas a léirítear bríoch agus comhsheasmhach. • Líonra meantóirí a fhorbairt. • Obair le CNRanna chun córas meantóireachta tras-spóirt agus a bhaineann le spórt faoi leith a chruthú.

Coinneáil

Cad a d'fhéadfadh CNRanna a dhéanamh?	Cad a d'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla a dhéanamh?
• Sonraí bliantúla maidir le coinneáil agus éirí as a bhailiú agus a anailísiú chun eolas a chur ar fáil do straitéisí. • Pleananna tacaíochta agus forbartha soiléire a fhorbairt laistigh dá gconair réiteoireachta. • Oifigigh ar scor a spreagadh chun leanúint de bheith páirteach i róil lasmuigh den pháirc imeartha. • Córais mheantóireachta struchtúrtha a bhunú chun oifigigh a bhfuil taithí acu a nascadh le hearcaigh nua. • Meantóirí a ainmniú chun páirt a ghlacadh i líonraí meantóireachta náisiúnta agus tras-spóirt. • Comhoibriú ar cheardlanna réigiúnacha agus ar imeachtaí aitheantais. • Meas ar oifigigh a chur chun cinn i measc cóitseálaithe, imreoirí, tuismitheoirí agus an lucht féachana.	• Tacú le rannpháirtíocht pobail, trí dheiseanna réiteoireachta CNRanna a chur chun cinn agus earcaigh nua a aithint. • Cabhrú le cultúr measa agus tuisceana a thógáil ar leibhéal an phobail. Comhoibriú maidir le ceardlanna réigiúnacha le CNRanna do chóitseálaithe, do thuismitheoirí agus d'imreoirí ar luach oifigeach.



Oiliúint agus Forbairt

Cuspóir	An méid is gá do Spórt Éireann a dhéanamh
5. Forbairt oiliúna ardchaighdeáin, ábhartha agus inrochtana d'oifigigh a éascú.	**Tacú le Deiseanna Forbartha:** • Treoir a chruthú le haghaidh oiliúna a bhaineann go sonrach le ról agus a thacaíonn le hOifigigh Theicniúla ar gach leibhéal dá n-aistear ó leibhéal pobail aníos go dtí leibhéal ardfheidhmíochta. • Comhoibriú tras-spóirt a chur chun cinn chun acmhainní, modheolaíochtaí agus dea-chleachtais a roinnt. • Acmhainní inrochtana cosúil le teimpléid atá éasca le léamh, téacs malartach, teidil dhúnta, físeáin agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. • Tairiscint oiliúna chuimsitheach a chur ar fáil, an méid seo a leanas ina measc: Oiliúint scileanna meabhrach agus athléimneachta (m.sh., bainistíocht coinbhleachta, cumarsáid, muinín) • Modúil ríomhfhoghlama ghinearálta a fhorbairt le haghaidh eolas bunúsach atá inrochtana i ngach spórt.
6. Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt conairí struchtúrtha le haghaidh cáilíochtaí Oifigeach Teicniúil agus forbairt	**Iniúchadh ar Chreataí CNR atá ann cheana:** • Obair leis na CRNanna chun cáilíochtaí reatha réiteoireachta a mhapáil agus a ailíniú. • Tacú le forbairt cáilíochtaí nua, i gcás inarb iomchuí, a aithnítear agus a chaighdeánaítear go náisiúnta. **Cúrsa Forbróirí Oifigeach Teicniúil a Fhorbairt:** • Cúrsa Forbróirí Oifigeach Teicniúil a chruthú chun oiliúint a chur orthu siúd a chuirfidh oiliúint agus meantóireacht ar Oifigigh Theicniúla, ina dhiaidh sin. **Creat Forbartha Struchtúrtha a Chruthú:** • Obair le CNRanna chun a chomhionann de Bhonneagar Forbróirí Cóitseálaithe (CDI) a fhorbairt d'oifigigh ina leagtar amach céimeanna soiléire dul chun cinn agus forbartha gairmiúla.

Oiliúint agus Forbairt

Cad a d'fhéadfadh CNRanna a dhéanamh?	Cad a d'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla a dhéanamh?
• Iniúchadh a dhéanamh ar chórais cháilíochtaí agus oiliúna atá ann cheana féin agus iad a ailíniú le struchtúir náisiúnta. • Comhoibriú le Spórt Éireann agus le CNRanna eile chun acmhainní a roinnt agus oiliúint a chaighdeánú nuair is féidir. • Ábhar oiliúna modúlach agus solúbtha a fhorbairt, ina gcuirfear roghanna ar líne agus freastail i bpearsan ar fáil. • Oifigigh a ainmniú agus oiliúint a chur orthu mar theagascóirí/forbróirí trí Chúrsa náisiúnta Forbróirí Oifigeach Teicniúil. • Bealaí soiléire dul chun cinn a chruthú laistigh dá gcreataí réiteoireachta. • Forbairt Oifigeach Teicniúil a thabhairt isteach i gconairí oideachais cóitseálaithe, a spreagfaidh comh-mheas agus comhthuiscint. • Cultúr foghlama leanúnaí a chur chun cinn, le deiseanna rialta forbartha gairmiúla leanúnaí.	• Comhoibriú le CNRanna chun roghanna foghlama cumaisc a sholáthar d'oifigigh. • Deiseanna litearthachta digití agus ríomhfhoghlama a chur chun cinn d'oifigigh. • Tacú le hoifigigh le maoiniú le haghaidh deiseanna forbartha pearsanta trí chumainn agus moil phobail. • Comhoibriú le CNRanna chun oiliúint a chur ar theagascóirí agus forbróirí áitiúla agus iad a imlonnú.

Duaiseanna agus Aitheantas

Cuspóir	An méid is gá do Spórt Éireann a dhéanamh
7. Próifíl Oifigeach Teicniúil a ardú.	**Na Meáin agus Imeachtaí** • Obair leis na meáin náisiúnta agus áitiúla, chomh maith le CNRanna agus CSÁanna chun Oifigigh Theicniúla a cheiliúradh. • Feachtais infheictheachta náisiúnta a fhorbairt chun luach agus tionchar na réiteoireachta a chur chun cinn. • Deiseanna a aithint chun infheictheacht agus próifíl Oifigeach Teicniúla sa spórt a mhéadú. • Tacú le hOifigigh Theicniúla a thabhairt san áireamh ag gradaim spóirt.
8. Aitheantas agus luach saothair a thabhairt d'Oifigigh Theicniúla mar chuid dhílis den lucht saothair spóirt.	**Tacaíocht Straitéiseach** • Riachtanais an phlean tacaíochta oifigiúil a chur san áireamh i gcomhaontuithe maoinithe le CNRanna agus CSÁanna. • Tionscnaimh bhuíochais inbhraite. • Obair le CNRanna agus CSÁanna chun cuireadh foirmiúil a thabhairt d'Oifigigh Theicniúla freastal ar dhinnéir bhronnta gradam, comórtais agus searmanais. • Gradaim agus imeachtaí ceiliúrtha a spreagadh tráthanna atá tiomnaithe d'aitheantas a thabhairt don réiteoireacht a chur san áireamh

Duaiseanna agus Aitheantas

Cad a d'fhéadfadh CNRanna a dhéanamh?	Cad a d'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla a dhéanamh?
• Oifigigh a ainmniú do ghradaim náisiúnta agus inmheánacha ar bhonn bliantúil. • Straitéis aitheantais a chur le chéile ina ndéantar cumarsáid rialta (m.sh., fógraí ar na meáin shóisialta, nuachtlitreacha). • Comhoibriú le CSÁanna agus Spórt Éireann chun imeachtaí agus ardáin chomhthuisceana a chur ar bun. • Cumainn a spreagadh chun iarrachtaí a dhéanamh go háitiúil buíochas a chur in iúl, tionscnaimh bhuíochais agus Oifigigh Theicniúla a aithint ag imeachtaí san áireamh. • An scéalaíocht a úsáid chun an réiteoireacht a dhéanamh níos daonna, ina dtaispeántar aistear, dúshláin agus rath oifigeach. • Aitheantas a chur san áireamh i gconairí forbartha oifigiúla (m.sh., teastais gharsprice, suaitheantais éachta). • Oifigigh Theicniúla a thabhairt san áireamh nuair a bhíonn imeachtaí á bpleanáil lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht dóibh agus go gceiliúrtar iad.	• Ceiliúradh a dhéanamh ar Oifigigh trí chomhpháirtíochtaí sna meáin áitiúla, agus a gcuid scéalta agus rannchuidiú a thaispeáint. • Comhoibriú le cumainn agus le CNRanna chun catagóirí d'Oifigigh Theicniúla a áireamh ag gradaim d'oibrithe deonacha áitiúla nó réigiúnacha. • Tacú le Cumainn chun aitheantas a thabhairt d'oifigigh agus sraith straitéisí, teastais agus teimpléid a thabhairt do chumainn le haghaidh Feachtas sna meáin shóisialta. #TáOifigighTábhachtach #BuíochasLeatARéiteoir

Drochíde

Cuspóir	An méid is gá do Spórt Éireann a dhéanamh
9. Timpeallacht shábháilte mheasúil a chur chun cinn d'Oifigigh Theicniúla.	• Sainmhínithe soiléire ar dhrochíde, drochíde bhriathartha, fhisiciúil agus ar líne ina measc, a fhorbairt agus a ghlacadh, ar gach leibhéal den spórt. • Beartais láidre a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál drochíde i measc CNRanna agus CSÁanna. • Beartais neamhfhulaingthe a leabú i gcóid iompair agus i gcreataí smachta CNRanna agus CSÁanna chun cuntasacht agus forfheidhmiú a chinntiú. • Oiliúint a chur ar pháirtithe leasmhara chun comh-mheas agus cosaint ar Oifigigh Theicniúla a chur chun cinn sa spórt.
10. Feachtas náisiúnta measa a chur i bhfeidhm.	• Tacú le feachtas náisiúnta Measa ar Oifigigh a chur ar bun. • Pleananna teimpléid a fhorbairt do CNRanna ina leagtar amach straitéisí éifeachtacha chun drochíde aghaidh ar aghaidh agus ar na meáin shóisialta a chosc agus freagairt di, treoir san aireamh maidir le drochíde a bhainistiú ó fhoinsí éagsúla amhail cóitseálaithe, oifigigh chumainn, an lucht féachana, tuismitheoirí agus imreoirí. • Feachtas feasachta aontaithe tras-spóirt a sheoladh a chuireann meas ar oifigigh chun cinn ar gach leibhéal rannpháirtíochta.

Drochíde

Cad a d'fhéadfadh CNRanna a dhéanamh?	Cad a d'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla a dhéanamh?
• Cód lompair soiléir a fhoilsiú agus a chur chun cinn ina leagtar amach an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis agus iarmhairtí na drochíde, agus a chinntiú go bhfuil sé le feiceáil agus inrochtana ar gach leibhéal den spórt. • Acmhainní praiticiúla a chruthú do chumainn chun iompar measúil a chur chun cinn i measc imreoirí, cóitseálaithe, oifigeach agus an lucht féachana. • Oifigeach Measa a ainmniú ag gach ionad chun monatóireacht a dhéanamh ar iompar, chun tacú le hoifigigh agus chun aghaidh a thabhairt ar eachtraí drochíde nó mí-iompair. • Cultúr cumann a athrú chun luach comhroinnte, seachas díreach riail, a dhéanamh de mheas. • Comhoibriú le Spórt Éireann chun Feachtas Measa tras-spóirt a chruthú agus a chur chun cinn. • Torthaí ar chásanna drochíde a chur i dtaifead agus a chur in iúl, a chinntiú go bhfuil na smachtbhannaí trédhearcach agus go dtuigeann na páirtithe leasmhara go léir na hiarmhairtí go soiléir. • A chinntiú go gcuirtear cuid san áireamh i dteimpléid tuairiscí cluichí agus imeachtaí atá dírithe ar theagmhais drochíde a thuairisciú, rud a chumasaíonn doiciméadú agus fiosrú leantach comhsheasmhach a dhéanamh ar gach leibhéal den spórt. • Na páirtithe leasmhara uile (imreoirí, tuismitheoirí, cóitseálaithe, oibrithe deonacha) a chur ar an eolas faoin tionchar a imríonn drochíde ar oifigigh.	• Oideachas Measa a chur chun cinn agus a sholáthar go háitiúil. • Ceardlanna agus seisiúin feasachta a reáchtáil do chumainn, do chóitseálaithe, do thuismitheoirí agus d'imreoirí maidir le meas a léiriú ar oifigigh. • Tacú le teachtaireachtaí maidir le drochíde a chosc agus le meas a chur san áireamh i ngach clár oiliúna agus ionduchtaithe áitiúil. • Tacú le cur i bhfeidhm áitiúil an fheachtais náisiúnta measa. • Comhoibriú ar fheachtas náisiúnta measa a chur i bhfeidhm, ina n-úsáidfear ardáin áitiúla chun teachtaireachtaí a mhéadú.

Sonraí agus Faisnéis

Cuspóir	An méid is gá do Spórt Éireann a dhéanamh
11. Sonraí a bhailiú agus a úsáid chun eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht agus forbairt a chur chun cinn d'Oifigigh Theicniúla	• Teimpléad caighdeánaithe bailithe sonraí a fhorbairt. • Tacú le CNRanna chun córais faisnéise láidre a fhorbairt • Treoir agus uirlisí a chur ar fáil do CNRanna chun tús a chur le forbairt nó le feabhsú a gcóras sonraí réiteoireachta féin. • A chinntiú go seasfaidh na córais seo an aimsir lena gcuimsiú isteach i mbonneagar sonraí náisiúnta.
12. Pleanáil agus infheistíocht atá bunaithe ar fhianaise a chumasú	**Léargas sonraí a úsáid chun an méid a leanas a dhéanamh:** • Beartais réiteoireachta náisiúnta agus ar leibhéal CNR a mhúnlú. • Údar a thabhairt le maoiniú agus acmhainní a dháileadh. • Dea-chleachtais a aithint agus a roinnt. • Comhoibriú a éascú ar fud an spóirt trí dhúshláin choiteanna a aithint agus úsáid chomhroinnte tacaíochtaí cineálacha agus acmhainní ríomhfhoghlama a chumasú.

Sonraí agus Faisnéis

Cad a d'fhéadfadh CNRanna a dhéanamh?	Cad a d'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla a dhéanamh?
• Príomhbhaill foirne nó príomhoibrithe deonacha atá freagrach as maoirseacht sonraí a aithint. • Glacadh leis an teimpléad caighdeánaithe bailithe sonraí réiteoireachta agus é a chur i bhfeidhm. • Iniúchtaí rialta a dhéanamh ar chórais reatha agus bearnaí ina sonraí a aithint. • Tacair sonraí chomhaontaithe a chur faoi bhráid Spórt Éireann gach bliain. • A chinntiú go gcloífear le caighdeáin chosanta sonraí agus faisnéis íogair á bainistiú. • Úsáid a bhaint as an léargas chun iarrachtaí earcaíochta agus coinneála spriocdhírithe a mhúnlú. • Páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre tras-spóirt chun foghlaim agus uirlisí a roinnt.	• Comhoibriú le CNRanna agus le cumainn áitiúla chun tacú le bailiú sonraí a bhaineann le réiteoireacht trí theimpléid chaighdeánaithe a roinnt agus treoir shimplí agus neamhfhoirmiúil a thairiscint maidir le conas faisnéis ábhartha a bhailiú agus a chur isteach.

An méid a bheadh i gceist leis an rath

Earcaíocht	• Tuilleadh Oifigigh Theicniúla i ngach spórt. • Pobal réiteoireachta níos óige, níos éagsúla agus níos ionchuimsithí. • Méadú ar aistrithe ó lúthchleasaithe, cóitseálaithe, agus oibrithe deonacha go róil réiteoireachta.
Coinneáil	• Níos lú éirí as bliain i ndiaidh bliana. • Straitéisí Láidre Coinneála: Mothaíonn oifigigh go bhfuiltear ag tacú leo, go bhfuil siad nasctha agus go léirítear luach orthu. • Córais mheantóireachta agus charad a mhéadú d'oifigigh.
Oiliúint agus Forbairt	• Conairí oiliúna inrochtana ardchaighdeáin i ngach spórt. • Rannpháirtíocht mhéadaithe in oiliúint agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.
Duaiseanna agus Aitheantas	• Meanma agus sásamh níos mó i measc oifigeach. • Tionscnaimh aitheantais rialta d'Oifigigh Theicniúla ar gach leibhéal den spórt. • Meas níos mó ar róil oifigeach.
Drochíde	• Níos lú eachtraí drochíde (ó bhéal, go fisiciúil, ar líne). • Beartais agus córais tuairiscithe shoiléire i bhfeidhm. • Timpeallachtaí níos sábháilte agus níos measúla d'oifigigh.
Sonraí agus Faisnéis	• Bailiú sonraí comhsheasmhach i measc na CNRanna uile. • Pleanáil agus infheistíocht atá bunaithe ar fhianaise. • Léargas comhroinnte agus comhoibriú i measc na spórt uile.

Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Beidh Spórt Éireann i gceannas ar chur i bhfeidhm an Phlean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla trí chur chuige struchtúrtha comhoibríoch lena mbaineann Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe, Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla, agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Tá an próiseas seo ceaptha soláthar comhsheasmhach, dul chun cinn intomhaiste, agus feabhsú leanúnach a chinntiú i ngach gné den réiteoireacht i spórt na hÉireann.

Creat Cur i bhFeidhm

Athbhreithnithe Bliantúla ar Dhul Chun Cinn
Déanfaidh Spórt Éireann measúnuithe bliantúla chun dul chun cinn a mheas i gcoinne cuspóirí straitéiseacha, chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta, agus chun réimsí a bhfuil gá le tacaíocht bhreise nó coigeartú iontu a aithint.

Ceardlanna agus Seimineáir Gréasáin Forbartha Acmhainne
Reáchtálfar ceardlanna agus seimineáir ghréasáin rialta chun acmhainn a fhorbairt laistigh de na CNRanna agus na CSÁanna. Díreofar sna seisiúin seo ar straitéisí earcaíochta, córais mheantóireachta, bailiú sonraí, drochíde a chosc, agus an réiteoireacht a thabhairt isteach i bpleananna forbartha spóirt níos leithne.

An Líonra Oifigeach Teicniúil
Beidh ról lárnach comhairleach ag an Líonra Oifigeach Teicniúil i gcur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla. Cuirfidh baill léargas, aiseolas agus moltaí praiticiúla ar fáil go rialta bunaithe ar a dtaithí saoil agus a rannpháirtíocht i réiteoireacht i spóirt éagsúla. Cabhróidh a gcuid ionchuir lena chinntiú go mbeidh an plean bainteach agus freagrúil i gcónaí agus go gcuirtear san áireamh ann riachtanais na n-oifigeach teicniúil ar an talamh.

Coiste Cóitseála Spórt Éireann
Cuirfidh an Coiste maoirseacht straitéiseach agus treoir shaineolach ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean. Is éard atá i gceist leis sin comhairle theicniúil a thairiscint, cur le forbairt beartais, agus a chinntiú go dtagann sé le tionscnaimh níos leithne forbartha cóitseála agus réiteoireachta. Tacóidh an Coiste freisin leis an bplean a chur san áireamh i measc chuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann agus cuirfidh sé le monatóireacht a dhéanamh ar a thionchar.

Monatóireacht agus Meastóireacht

Táscairí Feidhmíochta
Déanfar rianú ar dhul chun cinn trí úsáid a bhaint as príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) atá leagtha amach i ndoiciméid straitéiseacha Spórt Éireann. Ina measc sin, tá méaduithe ar líon na n-oifigeach teicniúil, rátaí coinneála níos airde, rannpháirtíocht níos mó san oiliúint, agus laghduithe ar eachtraí drochíde.

Cinnteoireacht de réir Sonraí
Tacóidh Spórt Éireann le teimpléid agus córais chaighdeánaithe bhailithe sonraí a fhorbairt i measc na CNRanna agus na CSÁanna. Cuirfidh léargas ó na sonraí seo eolas ar fáil maidir le nuashonruithe beartais, leithdháiltí maoinithe, agus foghlaim chomhroinnte i ngach spórt.

Aiseolas agus Feabhsú Leanúnach
Beidh meicníochtaí aiseolais leabaithe ar fud an phróisis cur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le hoifigigh, cumainn agus eagraíochtaí spóirt cur le feabhsú leanúnach an phlean. Cinnteoidh sé sin go mbeidh an plean bainteach agus éifeachtach i gcónaí i dtírdhreach spóirt atá ag athrú.

Tá an córas a leanas beartaithe ag Spórt Éireann chun rath na réiteoireachta in Éirinn amach anseo a chinntiú:

- Tá an earcaíocht réamhghníomhach agus ionchuimsitheach.
- Tacaítear le coinneáil foirne trí líonraí láidre agus aitheantas bríoch.
- Tá an oiliúint iomlánaíoch agus inrochtana go forleathan.
- Tá aitheantas agus cosaint fite fuaite i ngach gné den réiteoireacht.
- Treoraíonn córais de réir sonraí an chinnteoireacht agus an rianú ar dhul chun cinn.

Trí na hathruithe sin a chur i bhfeidhm, is féidir le réiteoireacht i spórt na hÉireann éirí níos athléimní agus níos inbhuanaithe agus níos mó meas a bheith á léiriú uirthi i measc na nglúnta atá le teacht.

Aguisíní

Aguisín 1
CNRanna a bhí Páirteach i Líonra na nOifigeach Teicniúil 2025

Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann
Cumann Badmantain na hÉireann
Cumann Cispheile na hÉireann
Cruicéad Éireann
Rothaíocht Éireann
Tumadóireacht Éireann
Cumann Peile na hÉireann
Pionsóireacht Éireann
Cumann Lúthchleas Gael
Liathróid Láimhe CLG
Aontas Gailf na hÉireann
Cumann Gleacaíochta na hÉireann
Cumann Dornálaíochta
Lúthchleasaíochta na hÉireann
Cumann Rugbaí na hÉireann (IRFU)

Eile
An Mheitheal maidir le Meas ar Oifigigh
Aonad Cóitseála Spórt Éireann
Foireann Forbartha Daoine Spórt Thuaisceart Éireann

Cumann Júdó na hÉireann
Cumann Surfála na hÉireann
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt
Cumann Pheil na mBan
Rásaíocht Mótair Éireann
Líonpheil Éireann
Galf Dhá Mhaide Éireann
Rámhaíocht Éireann
Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann
Scuais Éireann
Cumann Snámha na hÉireann
Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann
Cumann Leadóige na hÉireann
Trí-Atlan Éireann
Coraíocht Éireann

CSÁanna a ndeachthas i gcomhairle leo
Comhpháirtíocht Spóirt Bhaile Átha Cliath
Theas Gníomhach
Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach
Comhpháirtíocht Spóirt an Cabháin
Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir
Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí
Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall
Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall
Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe
Comhpháirtíocht Spóirt Chiarraí
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Chainnigh
Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma
Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh
Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt
Comhpháirtíocht Spóirt Lú
Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin
Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge
Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin

Aguisín 2
Cuspóirí Straitéiseacha agus Táscairí Feidhmíochta a Bhaineann le hOifigigh

Leagtar amach san aguisín seo na cuspóirí straitéiseacha agus beartais, na gníomhartha agus na táscairí feidhmíochta a bhaineann le forbairt agus tacaíocht Oifigeach Teicniúil i measc chreataí Spórt Éireann. Baintear iad sin ó Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027, ón bPlean Cóitseála 2020-2025, ón mBeartas maidir le Mná sa Spórt 2023-2027, ón mBeartas maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt 2023 agus ón bPlean Rannpháirtíochta 2025-2027.

Tábla 1: Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027

Príomhlimistéar Fócais 2: Seirbhísí Forbartha Spóirt – Tacú le Croí-chomhpháirtithe chun Earnáil Spóirt Rathúil agus Chomhtháite a Sholáthar		
Príomhchuspóir Straitéiseach	**Torthaí**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**
Forbairt Clár agus Tionscadal		
13. **Tógáil agus neartú ghné 'spórt tiomanta/ eagraithe' an chreata forbartha spóirt trí thacú leis an ngrúpa CNRanna/ Croí-chomhpháirtithe an-éifeachtacha, agus iad a fhorbairt agus a leathnú, agus díriú orthu siúd a chuireann tairbhí fadtéarmacha ar fáil i rith na saolré.**	Earnáil láidir aitheanta CNRannna a bheith ann ina gcuirtear Beartas Náisiúnta Spóirt agus cuspóirí agus spriocanna an Rialtais i gcoitinne i gcrích. Páirt á glacadh ag níos mó daoine go rialta i spórt ardchaighdeáin atá dea-eagraithe.	13.1 Ballraíocht, rannpháirtíocht agus na líonta oibrithe deonacha in CNRanna a mhéadú ar fud na tréimhse straitéisí trí sholáthar oibríochtúil éifeachtach a dhéanamh ar dheiseanna rannpháirtíochta, earcaíocht, coinneáil agus forbairt rannpháirtithe, oibrithe deonacha, cóitseálaithe agus oifigeach.
Cóitseáil agus Réiteoireacht		
21. **Ról chóitseáil Spórt Éireann a leathnú chun tacaíocht don réiteoireacht agus forbairt bhreise na réiteoireachta a thabhairt san áireamh.**	Limistéar oibre forbartha Oifigeach Teicniúil atá leithdháilte laistigh de struchtúr Spórt Éireann	21.1 Forbairt agus cur i gcrích an Phlean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla i gcomhpháirtíocht le CNRanna agus CSÁanna. 21.2 Líon méadaithe oifigeach teicniúil ar fud earnáil an spóirt.

Tábla 2: An Plean Cóitseála 2020-2025

Sprioc Beartais	Gníomhartha Beartais	Táscairí Feidhmíochta
5. **A bheith mar cheannaire soláthair oideachais agus oiliúna san earnáil spóirt.**	5.6 Straitéis a fhorbairt do Spórt Éireann maidir le forbairt agus tacaíocht réiteoirí agus oifigeach sa spórt, agus má shainordaítear, na hacmhainní a fháil chun tacú le cur i bhfeidhm na ngníomhartha a eascraíonn as sin.	5.6.1 Tá tuarascáil foilsithe ar leibhéil na gníomhaíochta, na tionchair agus na riachtanais i ndáil le forbairt agus tacaíocht réiteoirí agus oifigeach. 5.6.2 Foilsíodh cur chuige comhaontaithe maidir le conas is féidir le Spórt Éireann tacú leis na CNRanna chun forbairt agus tacaíocht réiteoirí agus oifigeach a chur i bhfeidhm. 5.6.3 Tá plean cur i bhfeidhm forbartha, cuireadh acmhainní ar fáil dó agus cuireadh i ngníomh é.

Tábla 3: An Beartas maidir le Mná sa Spórt 2023-2027

Cóitseáil agus Réiteoireacht	
Sprioc Beartais	**Gníomh**
7. **An bonn cóitseála agus réiteoireachta a leathnú amach chun níos mó ban agus cailíní a chur san áireamh ó spórt pobail go spórt ardfheidhmíochta.**	21. Infheistiú in oideachas sa chóitseáil agus sa réiteoireacht agus i gcláir foghlama leanúnaí a dhíríonn ar mhná ó ghrúpaí mionlaigh, daoine óga, mic léinn, rannpháirtithe agus oibrithe deonacha faoi láthair. 22. Infheistiú i dtionscnaimh shonracha chun líon na mban a dhéanann réiteoireacht sa spórt ardfheidhmíochta a ardú. 24. Treoir a chruthú le haghaidh tacaíochtaí meantóireachta agus líonraithe do chóitseálaithe agus réiteoirí ban. 25. Tacú le Coistí Náisiúnta Rialaithe chun bealaí soiléire a chruthú ó rannpháirteachas go dtí cóitseáil agus réiteoireacht. 26. Uileghabhálacht agus comhionannas rochtana a chur chun cinn ar fud na cóitseála agus na réiteoireachta trí bhíthin taighde agus bearta leantacha a dhéanamh maidir leis na pleananna gníomhaíochta a chruthaítear.

Tábla 4: Obair Dheonach sa Spórt 2023

Aitheantas d'Oibrithe Deonacha agus Meas orthu	
Sprioc Beartais	**Gníomh**
• **Infheictheacht, aitheantas agus próifíl oibrithe deonacha a mhéadú.** • **An cultúr oibre deonaí a threisiú in Éirinn.**	· Meitheal maidir le Meas ar Oifigigh a chur ar bun

Tábla 5: An Plean Rannpháirtíochta 2025-2027

Colún 2: Cáilíocht agus Tionchar na Cóitseála agus na Réiteoireachta a fheabhsú	
Cuspóirí	**Gníomh**
A chinntiú go bhfuil cóitseálaithe agus oifigigh oilte, cáilithe agus spreagúla ann do gach rannpháirtí, a chothaíonn eispéiris dhearfacha a spreagann rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil.	**Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe agus Oifigeach:** • Oideachas, oiliúint agus cáilíochtaí inrochtana a chur i bhfeidhm do gach cóitseálaí agus oifigeach agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu. • Na boinn chóitseála agus réiteoireachta a leathnú chun níos mó daoine ó ghrúpaí dá ndéantar tearcionadaíocht a earcú agus tacú leo go gníomhach chun glacadh le róil chóitseála agus réiteoireachta. • Forbairt scileanna láidre idirphearsanta a chur chun cinn i measc cóitseálaithe agus oifigeach, go háirithe dóibh siúd atá ag obair le páistí agus le tosaitheoirí, agus béim ar iompar agus ar dhearcthaí seachas díreach ar scileanna teicniúla amháin ar an leibhéal iontrála. **Aitheantas agus Tacaíocht do Chóitseálaithe agus Oifigigh:** • Próifíl agus aitheantas cóitseálaithe agus oifigeach a ardú ar gach leibhéal den spórt. • Córais tacaíochta oiriúnacha agus inrochtana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do chóitseálaithe agus d'oifigigh nua agus thaithíocha araon, meantóireacht agus pobail chleachtais san áireamh. • A chinntiú go gcoimeádtar agus go gcuirtear chun cinn caighdeáin náisiúnta choiteanna maidir le hoideachas, oiliúint agus gradaim cóitseálaithe. • A chinntiú go gcuirtear obair na Meithle maidir le Meas ar Oifigigh i bhfeidhm, agus go gcuirtear oifigigh ar comhchéim mar rannpháirtithe

Tagairtí Breise

An Tuarascáil ar Mhná sa Spórt i mbun Réiteoireachta 2023
https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2023-03/SI2207%20WIS%20Officiating%20Report%20FINAL%20Draft.pdf

Staidéar Féidearthachta ar Oifigigh Theicniúla 2024
https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2025-02/Officials%20Feasability%20Report%2020-02-25.pdf

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND